Ó Mhaigh Eo go Meiriceá

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi aerfort i gContae Mhaigh Eo. An dtuigeann tú na focail seo a bheidh sa tuairisc?

eitiltí trasatlantacha	paisinéir	lucht gnó
daonra	airgead a infheistiú	sagart paróiste

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén tseirbhís nua a thosnóidh in Aerfort Iarthar Éireann an samhradh seo?
2. Cén bhliain a d'oscail an t-aerfort den chéad uair?
3. Cé mhéad eitilt a rachaidh go Nua Eabhrac gach seachtain?
4. Cé mhéad eitilt a rachaidh go Bostún gach seachtain?
5. Cé mhéad duine a thiocfaidh ó Mheiriceá go dtí Aerfort Iarthar Éireann i 2008?

Ceist 3 Féach ar na habairtí thíos:

'*Tosnóidh* FlyGlobespan an tseirbhís nua trasatlantach ag deireadh mhí na Bealtaine.'
'*Cabhróidh* an tseirbhís go mór le réigiún an iarthair.'

An féidir leat na habairtí seo a chríochnú? Beidh ort na focail idir lúibíní a athrú.

1. _____ na páistí an obair bhaile anocht tar éis an dinnéir. (críochnaigh)
2. Rachaidh Síle ag siopadóireacht inniu agus _____ sí gúna nua don chóisir. (ceannaigh)
3. _____ an tAire Oideachais an scoil nua ar a trí a chlog. (oscail)
4. Tá scrúdú ag Máire amárach agus _____ sí an-luath ar maidin. (éirigh)
5. Lig do scíth anois agus _____ mé tú níos déanaí. (dúisigh)

Ceist 4 Féach ar na habairtí thíos:

'Tá daonra Chúige Chonnacht ag fás *níos tapúla* ná an meán náisiúnta.'
'Beidh sé *níos éasca* don rialtas airgead a infheistiú sa réigiún.'

Anois an féidir leat na bearnaí thíos a líonadh? Tá an chéad dhá cheann déanta duit.

1	tapaidh	níos tapúla
2	éasca	níos éasca
3	deas	
4	mór	
5	beag	
6	fuar	
7	te	
8	tábhactach	
9	ard	
10	ciúin	
11	maith	
12	olc	

Ceist 5 Féach ar an abairt thíos:

'Bhailigh tuairim is 621,000 paisinéir *a gcuid* bagáiste san aerfort anuraidh.'
'D'fhoghlaim Seán *a chuid* ceachtanna gach lá ar scoil.'

An féidir leat na habairtí thíos a chríochnú? Bain úsáid as an bhfocal 'cuid' sa bhfoirm cheart.

1. D'ith Sinéad a _____ lóin ar a haon a chlog.

2. Chaill mé mo _____ airgid ar an mbóthar lasmuigh den scoil.

3. D'fhágamar ár _____ málaí in aice leis an mbord sa bhialann.

4. Chuir siad orthu a _____ cótaí roimh dhul amach.

5. An bhfuil do _____ obair bhaile déanta agat fós?

6. Bhris Seán a _____ spéaclaí trí thimpiste.

7. Cár fhoghlaim sibh bhur _____ Gaeilge?

Ceist 6 Is é an manna atá ag Aerfort Iarthar Éireann ná 'do chomharsana ar fud an domhain'. An maith leat an manna sin? An bhfuil sé go maith? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

eitiltí trasatlantacha – *transatlantic flights*
paisinéir – *passenger*
lucht gnó – *business people*
daonra – *population*
airgead a infheistiú – *to invest money*
sagart paróiste – *parish priest*

Ceist 2
1. Den chéad uair ariamh beidh eitiltí trasatlantacha le cur ar fáil as Aerfort Iarthar Éireann an samhradh seo.
2. D'oscail an t-aerfort i 1986.
3. Rachaidh trí eitilt sa tseachtain go haerfort JFK i Nua-Eabhrac.
4. Rachaidh dhá eitilt go Bostún gach seachtain.
5. Tá siad ag súil le 56,000 duine ó Mheiriceá i 2008.

Ceist 3
1. críochnóidh
2. ceannóidh
3. osclóidh
4. éireoidh
5. dúiseoidh

Ceist 4

1	tapaidh	níos tapúla
2	éasca	níos éasca
3	deas	níos deise
4	mór	níos mó
5	beag	níos lú
6	fuar	níos fuaire
7	te	níos teo
8	tábhactach	níos tábhachtaí
9	ard	níos airde
10	ciúin	níos ciúine
11	maith	níos fearr
12	olc	níos measa

Ceist 5
1. a cuid lóin
2. mo chuid airgid
3. ár gcuid málaí
4. a gcuid cótaí
5. do chuid obair bhaile
6. a chuid spéaclaí
7. bhur gcuid Gaeilge

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Don chéad uair ariamh tá eitiltí trasatlantacha le cur ar fáil as aerfort Chnoc Mhuire i gContae Mhaigh Eo. Tá sé i gceist go gcuirfí eitiltí ar fáil idir an t-aerfort agus Bostún agus Nua-Eabhrac ag tosnú an samhradh seo. Tá an scéal ag Eibhlín Ní Choistealbha.

Eibhlín Ní Choistealbha

Bhailigh tuairim is 621 míle paisinéir a gcuid bagáiste anseo in Aerfort Iarthar Éireann i gCnoc Mhuire agus iad ag ceiliúradh scór bliain ar an bhfód anuraidh, méadú suntasach ó osclaíodh é i 1986. Ach tá méadú eile le teacht air sin fós tar éis fógra an lae inniu. Tá an chéad seirbhís sceidealta dhíreach trasatlantach le haerlíne ar chostas íseal le tosnú i gCnoc Mhuire. Tosnóidh *FlyGlobespan*, comhlacht ón Albain, an tseirbhís nua trasatlantach anseo ag Aerfort Iarthar Éireann i gCnoc Mhuire ag deireadh mhí na Bealtaine seo chugainn. Rachaidh trí eitilt sa tseachtain go haerfort JFK i Nua-Eabhrac i dteannta le dhá sheirbhís eile go Bostún in aghaidh na seachtaine. Meastar go dtabharfaidh an tseirbhís nua seo suas le 35,000 turasóir go dtí an réigiún seo i 2007. Buntáiste ollmhór a bheidh ann do cheantar an iarthair le breis airgid leis.

Caoimhín Ó Curracáin

I 2008 táimid ag súil le 56,000 duine[1], turasóirí le teacht ó Mheiriceá agus beidh siad ag caitheamh thart ar 4 nó 5 mhilliún nó thart ar sin i 2008 *so* is rud an-mhór don cheantar…ach ní hé amháin sin, don lucht gnó anseo, tá thart ar 50% de na *multinationals*[2] anseo, tá na hoifigí acu i Meiriceá freisin agus bíonn siad ag teacht agus ag imeacht. Nuair atá nasc díreach ó iarthar na hÉireann go Meiriceá, cuireann sé go mór leis an lucht gnó anseo freisin.

Eibhlín Ní Choistealbha

Le linn dó bheith ag caint ag ócáid an lae inniu dúirt an tAire Ó Cuív go raibh daonra Chúige Chonnacht ag fás níos tapúla ná an meán náisiúnta.

Éamon Ó Cuív

Tá i bhfad níos mó spéise i gCnoc Mhuire agus ár ndóigh beidh sé níos éasca don rialtas airgead a infheistiú san infrastruchtúr de bharr fás an daonra agus is an-dea-scéal é sin do Chúige Chonnacht.

Eibhlín Ní Choistealbha

Dúirt an sagart paróiste áitiúil, an monsignor Joseph Quinn go gcuirfidh sé go mór le hoilithrigh ó Mheiriceá go dtí scrín Chnoc Mhuire leis. Agus ceangal fíorthábhachtach a bheidh anseo idir an 35 milliún Éireannach atá ag maireachtaint i Meiriceá agus muintir na tíre seo, a dúirt bainisteoir an aerfoirt, Liam Scullen. Praghasanna iomaíocha a bheidh i gceist le *FlyGlobespan* agus deir Aerfort Iarthar na hÉireann go gcabhróidh sé seo go mór leis an manna nua atá acu ‘do chomharsana ar fud an domhain’.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4, i gContae Mhuigheo

[1] *56,000 daoine* a deirtear sa mhír
[2] comhlachtaí ilnáisiúnta